6.8. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

In aon phlean teanga, tá an-tábhacht ag baint le hobair chomhtháite na bpáirtithe leasmhara ar fad, ag leibhéal an phobail agus leibhéal an stáit. Tá géarghá le rannpháirtíocht an phobail áitiúil chun go bhféadfar an plean teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tá ról lárnach ag na heagraíochtaí/na coistí pobail agus na comharchumainn ar fad sa cheantar i ngríosadh an phobail ina gceantar féin le páirt a ghlacadh. Is gá struchtúr ceart a bhunú le cinntiú go dtarlódh a leithéid de rannpháirtíocht sa phlean ar fud an cheantair.

Tháinig an moladh/an beart sa rannóg seo chun cinn mar thoradh ar chruinnithe a reáchtáladh leis na coistí pobail sa leithinis, m.sh. Coiste Forbartha Lios Póil, Comharchumann an Leith Triúigh, Comharchumann Dhún Chaoin, Coiste Forbartha Cheann Trá. Is gá struchtúr foirmeálta a bhunú chun go mbeidh ionadaíocht ag na heagraíochtaí pobail seo ar Choiste Feidhme na Pleanála Teanga faoi scáth na ceanneagraíochta. Tá léargas air seo i mbeart 6.8.1 thíos.

Beart 6.8.1 Struchtúr nua comhoibrithe idir an Cheanneagraíocht, eagraíochtaí pobail/comharchumainn i gceantair an LPT chun an plean teanga a chur i bhfeidhm

Réimsí		**Critéir Pleanála Teanga**	
Eolas Breise/Cur Síos:	**Struchtúr nua comhoibrithe idir an cheanneagraíocht, eagraíochtaí pobail/comharchumainn i gceantair an LPT chun an plean teanga a chur i bhfeidhm – Aonad nua Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (APTCT)** Bunófar coiste **Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar (APTCT)** faoi scáth na ceanneagraíochta (Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne) chun rannpháirtíocht leathan an limistéir sa phlean a spreagadh. Beidh ionadaíocht ar an gcoiste seo ó na heagraíochtaí/coistí pobail sa LPT. Fostófar foireann do APTCT chun bearta teanga an phlean a chur i bhfeidhm.		
Aidhm:	Rannpháirtíocht na bpobal áitiúil sa phlean teanga a spreagadh		
Príomhúinéir an bhirt:	Aonad Pleanála Teanga Chiarraí Thiar faoi scáth CFCD		
Páirtithe leasmhara/ról:	Comharchumann Dhún Chaoin (rannpháirtíocht), Coiste Forbartha Cheann Trá (rannpháirtíocht), Coiste Forbartha Gaeilge Lios Póil, Comharchumann an Leith Triúigh (rannpháirtíocht)		
Saolré	**Pleanáil agus ullmhúchán**		
	Feidhmiú		
Costas measta in aghaidh na bliana		**Costas measta Iomlán**	
Foinsí maoinithe	Roinn an Gaeltachta (An Phleanáil Teanga)		
Dúshlán an bhirt	Ní cheaptar go mbeidh aon dúshlán		
Réiteach an dúshláin	Ní cheaptar go mbeidh aon dúshlán		
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt	Beidh an cheanneagraíocht (CFCD) freagrach as feidhmiú an bhirt seo agus a rathúlacht a chinntiú.		

Tugann Mír 3 den bplean seo léargas soiléir ar phríomhdhúshlán na Gaeltachta. Tugann sé cuntas ar an dtaighde náisiúnta Gaeltachta a thaispeánann nach bhfuil dóthain cosanta agus tacaíochta á dtabhairt do chainteoirí baile/dúchais na Gaelainne sa Ghaeltacht chun gur féidir leo leanúint orthu ag forbairt mar chainteoirí laethúla Gaelainne lena gcomhaoisigh agus iompaíonn siad ar an mBéarla dá bharr. Is pobal Béarla atá á chruthú ag formhór cainteoirí óga dúchais Gaelainne ina measc féin toisc go bhfuil siad i bhfad níos compordaí agus níos cumasaí sa Bhéarla nuair a shroicheann siad deireadh na bunscolaíochta. Ní bheidh ann do phobal Gaeltachta a thuilleadh mura dtugtar aghaidh ar an ndúshlán seo ar bhonn práinneach agus tús áite a thabhairt don ngéarchéim seo i measc an phobail a labhrann an Ghaelainn mar chéad teanga. **Bheifí ag súil, mar sin, go dtreoródh an stát do na ceanneagraíochtaí pleanála teanga tosaíocht a thabhairt, i bhfeidhmiú na bpleananna teanga, do na ceantair sna LPTanna ina bhfuil pobal beag d'óige an phobail fós á dtógaint le Gaelainn mar theanga baile (.i. na ceantair atá aitheanta mar cheantair Chatagóir A na Gaeltachta).**